


**AN BORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL  
SCÉIM 2007 – 2010  
FAOI ALT 11 d’ACHT na dTEANGACHA  
OIFIGIÚLA 2003.**



**Bealtaine 2007**

## **SCÉIM 2007 – 2010 FAOI ALT 11 D’ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003.**

### **CAIBIDIL 1**

#### **1.1 Réamhrá**

Ar an 22 Márta 2006, d’iarr an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar Phríomhfheidhmeannach an Bhoird um Chúnadh Dlíthiúil dréachtscéim a ullmhú faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (an tAcht) agus an dréachtscéim a chur faoina bhráid lena daingniú an 21 Meán Fómhair 2006 ar a dhéanaí. Tá an scéim seo ullmhaithe de réir an iarratais sin.

Tá foráil in Alt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí Scéim reachtúil ag tabhairt sonraí ar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- Trí mheán na Gaeilge
- Trí mheán an Bhéarla, agus
- Trí mheán na Ghaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge a sholáthar amhlaidh laistigh d’fhráma ama comhaontaithe.

#### **1.2 Ullmhú na scéime**

Dhréachtaigh an Bord an Scéim agus aird á tabhairt aige ar na Treoirínte a d’ullmhaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 12 den Acht agus go háirithe gur chóir soláthar seirbhíse trí Ghaeilge a bheith bunaithe orthu seo a leanas:

- An leibhéal bunúsach éilimh atá ar sheirbhísí sainiúla trí Ghaeilge i gcomhthéacs an tsoláthair ar leith.
- Na hacmhainní, lena n-áirítear, acmhainní daonna agus airgeadais, agus an cumas atá ag an gcomhlacht poiblí lena mbaineann forbairt a dhéanamh nó rochtain a fháil ar an inniúlacht riachtanach teanga.

##### **1.2.1 Comhairliúchán**

De réir alt 13(1) den Acht, ar an 9 Bealtaine 2006, d’fhoilsigh an Bord fógra go raibh sé ar intinn acu dréachtscéim a ullmhú. Foilsíodh fógraí dátheangacha ag fáiltiú roimh aighneachtaí sna meáin náisiúnta agus ar láithreán gréasáin an Bhoird, agus cuireadh fógraí i nGaeilge i bhfoilseachán Gaeilge amháin. Cuireadh an t-eolas céanna faoi bhráid fhoireann an Bhoird trínár mbord fógraí inmheánach. Fuarthas trí chinn d’aighneachtaí ar an iomlán ón gcomhairliúchán seachtrach agus tá siad sin ar fáil ar láithreán gréasáin an Bhoird, [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie).

#### **1.3 An tÉileamh atá ar sheirbhísí trí Ghaeilge a mheas**

I mí an Mheithimh 2006, iarradh ar gach ionad dlí agus ar na haonaid cheannoifige an leibhéal éilimh a bhí ar sheirbhísí trí Ghaeilge ó thús na bliana 2004 a mheas. Thug sé sin le fios go raibh éileamh teoranta ann suas go dtí an dáta sin. Bhí iarratais ar sheirbhís dlí trí Ghaeilge teoranta d’ionad dlí amháin áit a bhfuil seirbhís iomlán dlí trí Ghaeilge ar fáil cheana féin. D’iarr cúigear cliant ar an iomlán seirbhís trí Ghaeilge ón

tseirbhís ionaid dlí le linn na tréimhse atá i gceist. D’fhonn é sin a chur i gcomhthéacs, sholáthair an Bord seirbhís in thart ar 12,500 cás trína sheirbhís ionaid dlí i 2005 amháin.

Bunaíodh grúpa oibre, ar a raibh ionadaithe ó gach réimse feidhmiúil cuí den Bhord, chun an scéim a ullmhú.

#### **1.4 Cuspóirí na Scéime**

Tá an Bord tiomanta d’fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist é sin a bhaint amach de réir a chéile, ag tógáil ar na socruithe atá ann cheana do sholáthar seirbhíse leis an gcéad scéim seo, a fhorbrófar de réir éilimh agus infhaighteacht acmhainní.

## **CAIBIDIL 2 – FORBHREATHNÚ AR AN MBORD UM CHÚNAMH DLÍTHIÚIL**

### **2.1 Sainordú**

Bhunaigh an tAcht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta 1995 an Bord um Chúnadh Dlíthiúil mar an comhlacht reachtúil, neamhspleách atá freagrach as cúnadh dlíthiúil agus comhairle dlí i gcásanna sibhialta a chur ar fáil do dhaoine ar acmhainn mheasartha. Dar le hAlt 5(1) den Acht:

*“Beidh sé mar phríomhfheidhm ag an mBord soláthar a dhéanamh, laistigh d’acmhainní an Bhoird agus faoi réir ag forálacha eile an Achta seo, do chúnadh dlíthiúil agus comhairle dlí i gcásanna sibhialta do dhaoine a chomhlíonann ceanglais an Achta seo.” (N.B. Ní leagan oifigiúil é sin)*

### **2.2 Misean**

Tugann Plean Corparáideach 2006 an Bhoird sainmhíniú ar a mhisean mar seo a leanas:

*“Seirbhís um chúnadh dlíthiúil agus chomhairle dlí ghairmiúil, éifeachtach, chostéifeachtach agus inrochtana a sholáthar.”*

### **2.3 Rialú**

Rialaíonn Bord reachtúil an Bord, a cheapann an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Cuimsíonn an Bord cathaoirleach agus 12 gnáth chomhaltaí.

Tá sé freagrach faoin Acht um Chúnadh Dlíthiúil Sibhialta, 1995 as:

- treo straitéiseach na heagraíochta;
- beartas a shocrú agus monatóireacht a dhéanamh ar a fhorfheidhmiúchán;
- bainistíocht chuí agus éifeachtach na heagraíochta a mhaoirsiú;
- forfheidhmiúchán nósanna imeachta éifeachtachta airgeadais a fhaire agus cuntasacht a sholáthar;
- buiséid a cheadú agus a fhaire, agus
- cinntí áirithe coimeáda a dhéanamh.

## **2.4 Seirbhísí a sholáthraítear**

Cuireann an Bord seirbhísí aturnaetha agus, mar is gá, abhcóidí ar fáil do dhaoine ar acmhainn mheasartha maidir le cúrsaí a bhaineann leis an dlí sibhialta. Is iad saindualgas reachtúil reatha an Bhoird agus leibhéal na n-acmhainní a sholáthraítear a rialaíonn raon agus sofhreagracht na seirbhísí a sholáthraíonn an eagraíocht.

I measc na seirbhísí a sholáthraítear tá comhairle dlí a chlúdaíonn comhairle ar chúrsaí a bhaineann leis an dlí sibhialta agus cúnamh dlíthiúil a chlúdaíonn ionadaíocht ó aturnaí nó abhcóidí a fhostaíonn an Bord chun ionadaíocht a sholáthar in imeachtaí cúirte arna gceadú ag an Acht.

Clúdaíonn an tseirbhís freisin comhairle dlí agus cúnamh dlíthiúil d'iarrthóirí tearmainn sa stát.

Soláthraítear an tseirbhís ar bhonn náisiúnta i 33 ionad dlí lánaimseartha agus 12 ionad páirtaimseartha ar fud na tíre, ina measc sin, 3 ionad dlí lánaimseartha a chuimsíonn an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (SDD).

Sholáthair an Bord seirbhís in thart ar 17,500 cás trína sheirbhísí ionad dlí agus SDD i 2005.

Feidhmíonn an Bord Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe freisin a sholáthraíonn seirbhís neamhspleách ghairmiúil taighde agus leabharlainne do gach ceann de na príomhchomhlachtaí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas tearmainn.

## **2.5 Foireann an Bhoird**

Tá os cionn 380 foireann ag an mBord ar an iomlán, leis an bPríomhfheidhmeannach i gceannas, agus ina measc sin tá 110 aturnaí atá lonnaithe i 33 ionad dlí ar fud na tíre agus a fhaigheann tacaíocht ó chúntóirí dlí agus foireann riaracháin. Tá roinnt príomhaonad i gCathair Saidhbhín agus i mBaile Átha Cliath freisin, atá i mbun bainistíochta ar fheidhmeanna, lena n-áirítear, seirbhísí tacaíochta dlí, airgeadas, TFC, acmhainní daonna agus seirbhísí corparáideacha.

## **2.6 Ceannoifig**

Tá Ceannoifig an Bhoird lonnaithe i gCathair Saidhbhín, Contae Chiarraí áit a bhfuil 50 ball foirne lonnaithe. Tugtar faoi roinnt d'fheidhmeanna na ceanncheathrún i mBaile Átha Cliath freisin.

Tá sonraí faoi na hionaid dlí aonair agus faoi shuíomh na ceannoifige le fáil in iarscríbhinn 1.

## **2.7 Cliant agus geallshealbhóirí**

Mar sheirbhís ghairmiúil dlí atá maoinithe ag an stát, is daoine iad cliant an Bhoird atá incháilithe do sheirbhísí dlí agus a bhaineann leas as seirbhísí an Bhoird. Tá feidhm le ceanglais reachtúla agus ghairmiúla an chaidrimh chliant-aturnaí i gcás gach cliant den sórt sin.

Is grúpa i bhfad níos leithne iad geallshealbhóirí an Bhoird, lena n-áirítear:

An Rialtas

Cáiníocóirí

Cliant Ionchasacha

An tSeirbhís Chúirteanna

An Ghairm Dlí

Gníomhaireachtaí Stáit ag déileáil le bonn cliaint an Bhoird

Grúpaí deonacha ag déileáil le bonn cliaint an Bhoird.

## CAIBIDIL 3 – AN SCÉIM

### 3.1 RÉIMEAS TEANGA ATÁ CHEANA ANN I gCÁS SOLÁTHAIR SHEIRBHÍSÍ

#### 3.1.1 An tSeirbhís Dlí – Ionaid Dlí

Soláthraítear príomhsheirbhís ionad dlí an Bhoird go príomha trí Bhéarla. Soláthraíonn an Bord freisin iomlán a sheirbhís dlí san ionad dlí trí Ghaeilge dóibh siúd a iarrann sin, tríd Ionad Dlí na Gaillimhe. Sa chomhthéacs sin tagraíonn seirbhís dlí an ionaid dlí do na seirbhísí a sholáthraíonn aturnae in ionaid dlí an Bhoird. Sa chás go n-éilíonn cliaint seirbhís trí Ghaeilge i gceantar éigin eile den tír, rachaidh an aturnae a bheidh ag soláthar na seirbhíse trí Ghaeilge chuig ionad a bheidh oiriúnach don chliaint sin. Tá feidhm leis an nós imeachta céanna nuair a éilíonn an tseirbhís Bhéarla go soláthródh aturnae as ionad dlí i ndobharcheantar difriúil an tseirbhís. Níl na seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta go hiomlán dátheangach san oifig seo go fóill.

#### 3.1.2. Seirbhís Dlí – Seirbhís Dlí do Dhídeanaithe

Soláthraíonn Seirbhís Dlí an Bhoird do Dhídeanaithe seirbhís dlí do dhaoine a bhíonn ag déanamh iarratais ar thearmann in Éirinn. Soláthraítear an tseirbhís sin i mBéarla le cúnamh ó ateangairí do na cliaint sin a éilíonn í. Ó bunaíodh an tseirbhís i 1999 go dtí seo, níor iarr aon chliaint den SDD an tseirbhís sin a fháil trí mheán na Gaeilge.

#### 3.1.3 Seirbhísí Ceannoifige

Tá feidhmeanna cheannoifig an Bhoird dírithe go príomha ar thacaíocht a thabhairt do sheachadadh seirbhíse tosaigh. Cuireann aonaid cheannoifige an Bhoird seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge de réir mar is gá mar fhreagra ar iarratais ar leith. Go dtí seo, bhí líon teoranta iarratas ar a leithéid de sheirbhís.

## 3.2 Comhéadan Poiblí

### 3.2.1 Foirmeacha agus Bileoga:

Is beartas de chuid an Bhoird é go mbeadh a chuid foirmeacha agus bileoga ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Leis sin tá na foirmeacha agus na bileoga ar fad a bhaineann lena sheirbhís ionad dlí aistrithe agus ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla in ionaid dlí. Sa chás go bhfaightear iarratais scríofa/teileafóin/riomhphoist chun eolas a fháil faoi sheirbhísí an Bhoird, soláthraítear cóip den bhileog chuig i dteanga an iarratais nó sa teanga a iarrrtar má tá sé difriúil. Scaiptear foirmeacha agus bileoga freisin ar roinnt áiteanna eile mar shampla - Ionaid Eolais do Shaoránaigh. Is féidir iad a iarraidh go díreach trí dhul i dteagmháil le Ceannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Lóghlao 1890 – 615 200.

### 3.2.2 Láithreán Gréasáin

Beidh rogha Gaeilge sa leagan athchóirithe de láithreán gréasáin an Bhoird, atáthar a ullmhú faoi láthair – agus beidh an leagan sin díreach mar a chéile leis an leagan Béarla. Beidh gach leathanach gréasáin ar fáil sa dá theanga. Beidh úsáideoirí in ann an leagan teanga is mian leo a fheiceáil a roghnú ag aon tráth ar an láithreán gréasáin. Cuirfear foilseacháin an Bhoird agus cáipéisí beartais a bheidh ar an suíomh ar fáil sna teangacha ina bhfoilsítear iad. Beidh an láithreán gréasáin athchóirithe ar fáil sa dá rogha teanga ón dáta a dhéanfar athsheoladh air (Samhradh 2007).

### **3.2.3 Foilseacháin**

Ó lár mhí an Mheithimh 2004, tá mórfoilseacháin chorparáideacha á bhfoilsíú go dátheangach, laistigh d'aon chlúdach amháin, de réir Alt 10 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

### **3.3 SEIRBHÍSÍ LE SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN NA GAEILGE**

Ní sholáthraíonn an Bord seirbhísí trí mheán na Gaeilge amháin faoi láthair agus níl sé i gceist aige a leithéid de rud a dhéanamh. Níl aon cheann d'oifigí an Bhoird lonnaithe i gceantar Gaeltachta.

### **3.4 SEIRBHÍSÍ LE SOLÁTHAR TRÍ MHEÁN NA GAEILGE AGUS AN BHÉARLA**

#### **3.4.0 Measúnú ar éileamh ionchasach amach anseo**

I rith chéad bhliain na scéime seo, tabharfaidh an Bord faoi shuirbhé ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ar a chuid seirbhísí trí Ghaeilge. Tabharfar faoin suirbhé sin mar aitheantas ar an bhféidearthacht go raibh tionchar ag an infhaighteacht theoranta atá ar sheirbhís trí Ghaeilge ar an éileamh atá ann ar an tseirbhís sin. Tabharfaidh torthaí an tsuirbhé sin treoir don scrúdú a dhéanfar ar roghanna chun soláthar seirbhíse trí Ghaeilge a fheabhsú, a bhfuil achoimre orthu thíos.

#### **3.4.1 An tSeirbhís Dlí – Ionaid dlí**

Tá socruithe reatha an Bhoird maidir le soláthar seirbhíse leagtha amach in alt 3.1.1 thuas. Leagann an rannóg seo amach na bearta atá ar intinn ag an mBord a ghlacadh chun an tseirbhís atá cheana ann a fheabhsú agus a fhorbairt.

Tá seirbhís Ghaeilge dlí an Bhoird lonnaithe faoi láthair ina ionad dlí i nGaillimh. Níl na seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta san oifig sin dátheangach go fóill. Glacfaidh an Bord na bearta riachtanacha chun seirbhísí fáiltithe agus tacaíochta trí Ghaeilge a fhorbairt ag a Ionad Dlí i nGaillimh. Beidh an ghné sin den tseirbhís i bhfeidhm laistigh de dhá bhliain ó thús na scéime .i. faoi mhí Aibreáin 2009

Tógfaidh an Bord ar na socruithe atá ann cheana do sholáthar seirbhíse trí Ghaeilge, a bhfuil cuntas air i 3.1.1, trí sheirbhís tharchurtha a chur ar fáil. Go sonrach, cuirfear daoine a dhéanfaidh teagmháil le haon cheann d'ionaid nó oifigí dlí an Bhoird ar thóir seirbhís dlí trí Ghaeilge ar aghaidh díreach chuig Ionad Dlí na Gaillimhe. Éileoidh sé sin go mbeidh curtha cheana féin le cumas na foirne reatha tacaíochta, idir chléireachais agus chúntóirí dlí, chun fiosrúcháin den sórt sin a láimhseáil, mar atá léirithe thuas.

Ina theannta sin, úsáidfídh an Bord torthaí an tsuirbhé d'éileamh ionchasach, a bhfuil cuntas air i 3.4.0 thuas chun áiteanna a aimsiú a mbeidh ar an Bord a chumas chun seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge a fheabhsú. Táthar ag súil go ndíreoidh forbairtí den sórt sin ar oifigí a bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá ndobharcheantair, agus freisin ar roinnt de na hionaid uirbeacha is mó. I measc na mbearta a ghlacfar beidh forbairt ar inniúlacht na foirne sna hoifigí sin chun seirbhís a chur ar fáil trí Ghaeilge agus freisin cleachtóirí príobháideacha atá cáilithe go hoiriúnach a aimsiú chun cur le seirbhís Ghaeilge an Bhoird. Beidh na socruithe feabhsaithe a bhfuil achoimre orthu thuas i bhfeidhm faoi dheireadh shaolré na scéime seo.

### **3.4.2 Seirbhís bunaithe ar ateangaire**

Tá taithí fhorleathan ag an mBord, trína Sheirbhís Dlí do Dhídeanaithe, ar sheirbhís a sholáthar le cúnaimh ó ateangairí.

Scrúdóidh an Bord an fhéidearthacht a bhaineann le seirbhísí a sholáthar dá chuid cliaint i gceantair Ghaeltachta le cúnaimh ó ateangairí. Ceann de na roghanna a bhreithneofar sa scrúdú sin ná scéim phíolótach a chur i bhfeidhm do sheirbhísí bunaithe ar ateangairí. Tabharfar an scrúdú sin chun críche laistigh de 2 bhliain ó thús na scéime.

### **3.4.3 Seirbhísí bunaithe ar chleachtóirí príobháideacha**

Baineann an Bord úsáid faoi láthair as seirbhísí chleachtóirí príobháideacha chun cur leis an tseirbhís a sholáthraíonn an fhoireann. Déanfaidh an Bord iniúchadh ar chumas cleachtóirí príobháideacha seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge a shroicheann na caighdeáin a éilíonn an Bord. Tabharfar an t-iniúchadh sin chun críche laistigh de dhá bhliain ó thús na scéime.

### **3.4.4 Abhcóidí**

Baineann an Bord leas freisin as seirbhísí abhcóidí, a fhaigheann treoir ó aturnaetha an Bhoird, chun ionadaíocht a dhéanamh ar chliaint sa chúirt. Féachfaidh an Bord d'abhcóidí atá cáilithe go cuí a aimsiú chun tacú lena sholáthar seirbhíse trí Ghaeilge. Bainfear é sin amach laistigh de dhá bhliain ó thús na scéime.

### **3.4.5 Seirbhísí an Ceannoifige**

Tá príomhfheidhmeanna ceannoifig an Bhoird dírithe ar thacaíocht a thabhairt do sheachadadh seirbhíse tosaigh. Cuirfear oiliúint ar an bhfoireann ar lasc-chlár ceannoifig an Bhoird chun freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin teileafóin a déantar trí Ghaeilge le linn 2007. Soláthróidh an Bord oiliúint chun cumas lucht pearsanra eile ceannoifige a fheabhsú chun gnó a dhéanamh trí Ghaeilge freisin le linn 2007. Cinnteoidh sé sin go ndéanfar seachadadh dátheangach ar na seirbhísí tosaigh a sholáthraíonn an Ceannoifig nuair a éileofar sin faoin 26ú Bealtaine 2008.

### **3.4.6 Seirbhísí le soláthar trí mheán an Bhéarla amháin**

#### **- An tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe**

Soláthraíonn an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe seirbhís trí Bhéarla i láthair na huaire. Soláthraítear an tseirbhís le cúnaimh ó ateangairí i gcás mhóramh na gcliaint. Tá sé beartaithe leanúint ag soláthar na seirbhíse ar an mbealach sin. Má iarrann cliaint de chuid na seirbhíse seo go soláthrófaí as Gaeilge í bainfear é sin amach le cúnaimh ateangaireachta.

### **3.5 Cumarsáid**

Áireofar le creatlach cumarsáide an Bhoird bearta chun feasacht maidir lena sheirbhís trí Ghaeilge a mhéadú trí fhógraí a chur den chuid is mó sna meáin náisiúnta agus sna meáin Ghaeilge.

### **3.6 Acmhainní**

#### **3.6.1 Foireann**

Braitheann an Bord faoi láthair ar dhuine amháin den fhoireann aturnaetha chun seirbhís dlí a sholáthar trí Ghaeilge. Cuirfear oiliúint ar fáil d'aturnaetha eile an



Bhoird leis an inniúlacht riachtanach teanga le cur ar a gcumas seirbhís ghairmiúil dlí a chur ar fáil trí Ghaeilge. Bainfear é sin amach laistigh de shaolré na scéime seo.

Cinntoidh an Bord go mbeidh dóthain foirne ann leis na scileanna riachtanacha chun freastal ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge.

Beidh an fhoireann go léir a sholáthróidh seirbhís trí Ghaeilge laistigh de chomhlán ceadaithe reatha an Bhoird.

### **3.7 Dearbhú Cáilíochta**

Ní dhéanann na bearta dearbhaithe cáilíochta atá i bhfeidhm i gcás seirbhísí an Bhoird idirdhealú idir na seirbhísí sin a sholáthraítear trí Ghaeilge agus iad sin a sholáthraítear trí Bhéarla. Beidh an cás sin amhlaidh le linn shaolré na scéime seo.

### **3.8 Comhéadan Poiblí**

#### **3.8.1 Foirmeacha agus Bileoga:**

Is beartas de chuid an Bhoird é go mbeadh a chuid foirmeacha agus bileoga ar fad ar fáil trí Ghaeilge. Leis sin, leanfar ag cur na bhfoirmeacha agus na mbileoga ar fad a bhaineann lena sheirbhís ionaid dlí ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh na foirmeacha agus na bileoga sin ar fáil in ionaid dlí. Sa chás go bhfaightear iarratais scríofa/teileafóin/ríomhphoist chun eolas a fháil faoi sheirbhísí an Bhoird, soláthrófar cóip de leagan Gaeilge agus Béarla na bileoige cuí mar fhreagra. Beidh gach foirm ar fáil go dátheangach laistigh d'aon chlúdach amháin ó thús na scéime – ach amháin foirmeacha don tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe. Scaipfear foirmeacha agus bileoga freisin ar roinnt áiteanna eile mar shampla - Ionaid Eolais do Shaoránaigh. Is féidir iad a iarraidh go díreach trí dhul i dteagmháil le Ceannoifig an Bhoird i gCathair Saidhbhín, Lóghlao 1890 – 615 200 nó trí ríomhphost ó [info@legalaidboard.ie](mailto:info@legalaidboard.ie).

#### **3.8.2 Teileafóin**

- Cinntoidh an Bord go mbeidh an t-eolas cuí agus an oiliúint ar fáil ag oibreoirí lasc-chláir i ngach áit, lena n-áirítear a Cheannoifig i gCathair Saidhbhín, le bheith ábalta glaonna i nGaeilge a chur ar aghaidh chuig an áit chúí chun seirbhís a fháil trí Ghaeilge. Cinntoidh an oiliúint sin go mbeidh foireann fháiltithe/lasc-chláir in ann ainm an chomhlachta a thabhairt as Gaeilge faoin 26ú Bealtaine 2008,
- go mbeidh cleachtadh acu ar na bunbheannachtaí as Gaeilge, agus
- go mbeidh siad in ann baill den phobal a chur i dteagmháil, gan mhoill, leis an oifig nó leis an oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a theastaíonn a chur ar fáil i nGaeilge, más ann dó.

#### **3.8.3 Oifigí Poiblí**

Soláthraíonn an Bord seirbhís do chliant trína líonra de 33 ionad dlí, agus tá roinnt díobh beag go leor. Cuirfear daoine a chuireann glaoch pearsanta ar ionaid dlí agus ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar aghaidh chuig oifigí inar féidir a leithéid de sheirbhís a chur ar fáil agus éascófar iad ó thaobh teagmháil a dhéanamh leis an ionad sin.

Beidh seirbhís iomlán dhátheangach chúntair agus tacaíochta curtha ar fáil ag an mBord ina Ionad Dlí i nGaillimh laistigh de dhá bhliain ó thús na scéime seo .i. faoi

25 Bealtaine 2009. Tá seirbhís iomlán dhátheangach dlí ar fáil cheana féin san oifig seo.

#### **3.8.4 Láithreán Gréasáin an Bhoird**

Beidh rogha Gaeilge sa leagan athchóirithe de láithreán gréasáin an Bhoird, atáthar a ullmhú faoi láthair – agus beidh an leagan sin díreach mar a chéile leis an leagan Béarla. Beidh gach leathanach gréasáin ar fáil sa dá theanga. Beidh úsáideoirí in ann an leagan teanga is mian leo a fheiceáil a roghnú ag aon tráth ar an láithreán gréasáin. Cuirfear foilseacháin an Bhoird agus cáipéisí beartais a bheidh ar an láithreán ar fáil sna teangacha ina bhfoilsítear iad. Beidh an láithreán gréasáin athchóirithe ar fáil sa dá rogha teanga ón dáta a dhéanfar athsheoladh air (Samhradh 2007).

Níl soláthar ar an láithreán gréasáin faoi láthair do sheirbhísí idirghníomhacha. Sa chás go ndéantar forbairt ar sheirbhísí den sórt sin cuirfear ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla iad.

#### **3.9 Forbairt Foirne**

Tá roinnt ball foirne aimsithe ag an mBord a bhfuil sé de chumas acu seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Tabharfaidh an Bord, freisin, faoi na hoifigí is dóichí a bheidh foireann den sórt sin de dhíth orthu a aimsiú, agus beidh sé mar aidhm an inniúlacht a sholáthar sna hoifigí sin trí mheascán earcaíochta agus oiliúna. Spreagfar foirne i réimsí cuí go háirithe chun leas a bhaint as cúrsaí oiliúna Gaeilge.

#### **3.10 Tacuithe do sholáthar seirbhíse trí Ghaeilge**

Soláthróidh an Bord na saoráidí agus an tacaíocht riachtanach don fhoireann atá freagrach as seirbhís a sholáthar trí Ghaeilge. Áireofar air sin, oiliúint, tacuithe riachtanacha TF, (próiseáil focal trí Ghaeilge, infhaighteacht doiciméad caighdeánach srl), foclóirí, gluaiseanna de théarmaí teicniúla agus na hábhair tacaíochta eile atá riachtanach chun soláthar seirbhíse trí Ghaeilge a chur ar fáil ar chaighdeán cáilíochta an Bhoird. Ina theannta sin, glacfaidh aon chóras ríomhairí nua a thabharfar isteach tar éis thús na scéime seo, más gá, san áireamh an gá atá le bheith ábalta an Ghaeilge a láimhseáil go hiomlán. Cuirfear córais atá ann cheana in oiriúint, nuair is gá, chun an Ghaeilge a láimhseáil ag an gcéad uasghrádú oiriúnach eile.

Cinntoidh an Bord go soláthraítear 25% de phreaseisiúintí i nGaeilge agus i mBéarla ó dháta tosaithe na scéime seo.

## **CAIBIDIL 4 – TÚS AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁN**

### **4.1 Tús**

Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón 28 Bealtaine 2007 agus beidh feidhm léi ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndaingneoidh an tAire scéim nua de bhua alt 15 den Acht, cibé acu is tuisce.

### **4.2 Forfheidhmiúchán**

Beidh an Stiúrtóir Oibríochtaí i gCeannoifig an Bhoird, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí freagrach go hiomlán as an scéim seo a fhorfheidhmiú sa Bhord.

## AGUISÍN 1

### SUÍOMH OIFIGÍ AGUS IONAD DLÍ AN BHOIRD

#### OIFIGÍ AN BHOIRD

##### **Ceannoifig**

Sráid an Chalaídh  
Cathair Saidhbhín,  
Co. Chiarraí  
Teileafón: 066 947 1000  
Lóghlao: 1890 615 200  
Facs: 066 947 1035

##### **Oifig Bhaile Átha Cliath**

47 Sráid an Mhóta Uachtarach  
Baile Átha Cliath 2  
Teileafón: 01 644 1900  
Facs: 01 662 3661

Láithreán gréasáin: [www.legalaidboard.ie](http://www.legalaidboard.ie)

#### IONAID DLÍ

##### IONAID DLÍ LÁNAIMSEARTHA

<b>IONAD DLÍ</b>	<b>ATURNAE BAINISTÍOCHTA</b>
<b>AN CABHÁN</b> Ionad Siopadóireachta Newcourt, Sráid na hEaglaise, An Cabhán Teil: (049) 433 1110 Facs: (049) 433 1304	<b>Mary Pat Ahern</b>
<b>AN CLÁR</b> Aonad 6A, Cearnóg na gCeannaithe, Inis, Co. an Chláir Teil: (065) 682 1929 Facs: (065) 682 1939	<b>Mary Cuffe</b>
<b>CORCAIGH</b> Teach an Ché Thuaidh, Cé an Phápa, Corcaigh Teil: (021) 455 1686 Facs: (021) 455 1690  1A An Meal Theas, Corcaigh Teil: (021) 427 5998 Facs: (021) 427 6927	<b>Betty Dinneen</b>  <b>Shane Dooley</b>

<b>DÚN NA NGALL</b>	
Teach Houston, An Phríomhshráid, Leitir Ceanainn Co Dhún na nGall Teil: (074) 912 6177 Facs: (074) 912 6086	<b>Ray Finucane</b>
<b>BAILE ÁTHA CLIATH</b>	
45 Sráid Gairdinéir Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 Teil: (01) 874 5440 Facs: (01) 874 6896	<b>Kevin Liston</b>
9 Cé Urmhumhan Íochtarach, Baile Átha Cliath 1 Teil: (01) 872 4133 Facs: (01) 872 4937	<b>Gerard Kirwan</b>
Ionad an Túir, Sráidbhaile Chluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 Teil: (01) 457 6011 Facs: (01) 457 6007	<b>Tom Nally</b>
Faiche an tSráidbhaile, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24 Teil: (01) 451 1519 Facs: (01) 451 7989	<b>Pauline Corcoran</b>
44/49 An Phríomhshráid, Fionnghlas, Baile Átha Cliath 11 Teil: (01) 864 0314 Facs: (01) 864 0362	<b>Marie Quirke</b>
48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse, Baile Átha Cliath 7 Teil: (01) 646 9700 Facs: (01) 646 9799	<b>Hugh Cunniam</b>
Aonad 6-8, an tIonad Gnó, Bóthar Chluain Saileach Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15 Teil: (01) 820 0455 Facs: (01) 820 0450	<b>Joan Crawford</b>
Ionad Cleachtóirí Príobháideacha 7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Mhic Thaidhg, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 4776200 Facs: (01)4776241	
Aonad Failí Leighis 7 – 11 Cúirt Montague, Sráid Mhic Thaidhg, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 4776200 Facs: (01)4776241	<b>Margaret O'Shea- Grewcock</b>
<b>GAILLIMH</b>	
9 Sráid San Proinsias, Gaillimh Teil: (091) 561650 Facs: (091) 563825	<b>Mary Griffin</b>
<b>CIARRAÍ</b>	
1 Plás Day, Trá Lí, Co Chiarraí Teil: (066) 712 6900 Facs: (066) 712 3631	<b>Carol Anne Coolican</b>

<p><b>CILL DARA</b> Plás Uí Chainín, An Droichead Nua, Co Chill Dara Teil: (045) 435777 Facs: (045) 435766</p>	<p><b>Edel Poole</b></p>
<p><b>CILL CHAINNIGH</b> 87 Sráid Maudlin, Cill Chainnigh Teil: (056) 776 1611 Facs: (056) 776 1562</p>	<p><b>Niall Murphy</b></p>
<p><b>LAOIS</b> Aonad 6A, Sráid an Droichid, Port Laoise, Co Laoise Teil: (057) 8661366 Facs: (057) 8661362</p>	<p><b>Catherine Martin</b></p>
<p><b>LUIMNEACH</b> Aonad F, Cé Lock, Luimneach Teil: (061) 314599 Facs: (061) 318330</p>	<p><b>Fergal Rooney</b></p>
<p><b>AN LONGFORT</b> Clós an Chomhair Creidmheasa, 50A An Phríomhshráid, Longfort Teil: (043) 47590 Facs: (043) 47594</p>	<p><b>Eugene Kelly</b></p>
<p><b>LÚ</b> Teach Condil, Plás Roden, Dún Dealgan, Co Lú Teil: (042) 933 0448 Facs: (042) 933 0991</p>	<p><b>Deirdre McMichael</b></p>
<p><b>MAIGH EO</b> Halla Humbert, An Phríomhshráid, Caisleán an Bharraigh, Co Mhaigh Eo Teil: (094) 902 4334 Facs: (094) 902 3721</p>	<p><b>Thomas O' Mahony</b></p>
<p><b>AN MHÍ</b> Bóthar Uí Chinnéide, An Uaimh, Co na Mí Teil: (046) 907 2515 Facs: (046) 907 2519</p>	<p><b>Vivienne Crowe</b></p>
<p><b>MUINEACHÁN</b> Teach Alma, An Diamaint, Muineachán Teil: (047) 84888 Facs: (047) 84879</p>	<p><b>Stephanie Coggans</b></p>
<p><b>UÍBH FHAILÍ</b> Sráid an Chuain, Tulach Mhór Teil: (0506) 9351177 Facs: (0506) 9351544</p>	<p><b>Helen O'Reilly</b></p>

<p><b>SLIGEACH</b></p> <p>Teach Bridgewater, Paráid Rockwood, Sligeach Teil: (071) 9161670 Facs: (071) 9161681</p>	<p><b>Fiona McGuire</b></p>
<p><b>TIOBRAID ÁRANN</b></p> <p>Cúirt na Manach, Sráid na Mainistreach, An tAonach, Co Thiobraid Árann Teil: (067) 34181 Facs: (067) 34083</p>	<p><b>Josephine Fair</b></p>
<p><b>PORT LÁIRGE</b></p> <p>Teach Cheanada, Sráid Cheanada, Port Láirge Teil: (051) 855814 Facs: (051) 871237</p>	<p><b>Aidan Lynch</b></p>
<p><b>AN IARMHÍ</b></p> <p>Lána Paynes, Baile na nGael, Baile Átha Luain, Co na hIarmhí Teil: (090) 647 4694 Facs: (090) 647 2160</p>	<p><b>Phil O'Laoide</b></p>
<p><b>LOCH GARMAN</b></p> <p>Aonad 8, Cearnóg Mhic Réamainn, Loch Garman Teil: (053) 9122622 Facs: (053)9124927</p>	<p><b>Niamh Murrán</b></p>
<p><b>CILL MHANTÁIN</b></p> <p>Sráid an Droichid, Cill Mhantáin Teil: (0404) 66166 Facs: (0404) 66197</p>	<p><b>Barbara Smyth</b></p>
<p><b>SEIRBHÍS DLÍ DO DHÍDEANAITHE (SDD)</b></p> <p>48/49 Sráid Brunswick Thuaidh, Lána Sheoirse,, Baile Átha Cliath 7 Teil: (01) 646 9600 Facs: (01) 671 0200</p> <p>Teach Timberlay, 79/83 Sráid an Mhóta Íochtarach, Baile Átha Cliath 2 Teil: (01) 631 0800 Facs: (01) 661 5011</p> <p>Teach an Ché Thuaidh, Cé an Phápa, Corcaigh Teil: (021) 4554634 Facs: 021 4557622</p> <p>Teach Seville, Bóthar na nDuganna Nua, Gaillimh Teil: (091) 562480 Facs: (091)562599</p>	<p><b>Frank Caffrey</b></p> <p><b>Grainne Brophy</b></p> <p><b>Bernadette McGonigle</b></p> <p><b>Cormac Faherty</b></p>

Oifig Chláraithe don SDD  
Teach Timberlay 79/83 Sráid an Mhóta Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
Teil (01) 631 0800. Facs (01) 661 5011

## IONAID DLÍ PÁIRTAIMSEARTHA

Suíomh agus teilafón	Oscailte	Ionad Dlí
<b>CEATHARLACH</b>		
Ionad Eolais do Shaoránaigh Naomh Caitriona, Bóthar Naomh Seosamh, Ceatharlach. Teil: (059) 9138700	An chéad agus an Aoine deiridh de gach mí	Cill Chainnigh
<b>CORCAIGH</b>		
Ionad Eolais do Shaoránaigh Cearnóg Wolfe Tone Beantraí  Teil: (021) 4551686	Uair sa mhí	Corcaigh (Cé an Phápa)
<b>DÚN NA NGALL</b>		
Teach na Cúirte, Baile Dhún na nGall. Teil: (074) 9126177	Uair sa mhí	Leitir Ceanainn
<b>CIARRAÍ</b>		
52 An Phríomhshráid, Cill Airne Teil: (066) 7126900	Gach maidin Aoine	Trá Lí
<b>LIATROIM</b>		
An tIonad Sláinte, Bóthar Liatroma, Cora Droma Rúisc. Teil: (043) 47590	Uair sa mhí	An Longfort
<b>AN LÚ</b>		
Ionad Seirbhísí Pobail Dhroichead Átha Corrán Scarlett, Droichead Átha Teil: (041) 9836084/9833490	An Chéad agus an Dara Máirt de gach mí	Cé Urmhumhan



<b>MAIGH EO</b>		
An tIonad Tréadach (Talamh na hArdeaglaise) Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo Teil: (094) 9024334	Uair sa mhí	Caisleán an Bharraigh
An tIonad Sláinte, Bóthar Chnoc Mhuire, Béal Átha hAmhnais Teil: (094) 9024334	An ceathrú Mairt de gach mí	Gaillimh
<b>ROS COMÁIN</b>		
Ionad Eolais do Shaoránaigh, 7 Sráid Ail Finn, Mainistir na Búille Teil: (071) 9161670	Uair sa mhí	Sligeach
<b>TIOBRAID ÁRANN</b>		
Seirbhísí Sóisialta Pobail Dhurlais Sráid Rossa, Durlas Teil: (0504) 22169	An Dara Máirt de gach mí	An tAonach
Ionad Eolais do Shaoránaigh, 14 Sráid Wellington, Cluain Meala Teil: (052) 22267	Trí nó ceithre uaire sa mhí	An tAonach
<b>AN IARMHÍ</b>		
An tIonad Fiontair, Sráid Gheata an Easpaig, An Muileann gCearr Teil: (090) 6474694	Uair sa mhí	Baile Átha Luain